



Comhairle an
Aontais Eorpaigh



16803/1/14 REV 1

(OR. en)

PRESSE 643
PR CO 69

AN TORADH Ó CHRUINNIÚ NA COMHAIRLE

an 3357ú cruinniú de chuid na Comhairle

Fostaíocht, Beartas Sóisialach, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí

An Bhruiséil, 11 Nollaig 2014

An tUachtarán **Giuliano POLETTI**
Aire Fostaíochta agus Beartais Shóisialta na hIodáile

P R E A S

Rue de la Loi 175 B – 1048 AN BHRUISÉIL Teil.: +32 (0)2 281 6319 Facs: +32 (0)2 281 8026
press.office@consilium.europa.eu <http://www.consilium.europa.eu/press>

16803/1/14 REV 1

1
GA

Príomhthorthaí ón gComhairle

Fostaíocht don aos óg

Bhí plé ag an gComhairle, in éineacht le hAirí oideachais na hIodáile, na Laitvia agus Lucsamburg (na trí Uachtaránacht), maidir leis an mbealach le **hinfheistiú san aos óg** agus pléadh ábhair lena n-áirítear an ráthaíocht don aos óg, oideachas agus scileanna.

Dúirt Uachtarán na Comhairle, Giuliano Poletti, an méid seo a leanas: " Tá sé ríthábhachtach feabhas a chur ar na sineirgí idir na beartais oideachais agus fostaíochta d'fhonn dul i ngleic le dífhostaíocht i measc an ógra. Chun an cur chuige comhtháite sin a éascú, tá Uachtaránacht na hIodáile tar éis cruinniú EPSCO a eagrú comhthráthach le cruinniú den Chomhairle Oideachais don chéad uair. Tá áthas orm go bhfuil an Coimisinéir Navracsics agus airí oideachais na dtí Uachtaránacht linn inniu le plé a dhéanamh ar na slite is fearr chun cabhrú lenár nglúine óga agus chun infheistiú ina gcuid oideachais agus scileanna."

EURES

Tháinig an Chomhairle ar chur chuige ginearálta maidir leis an rialachán ar **líonra EURES** (seirbhísí Eorpacha fostaíochta), a ndúirt an tAire Poletti an méid a leanas faoi: "Chloíomar inniu leis an iarraidh ón gComhairle Eorpach tairseach EURES a iompú ina fíor-uirlis socraithe agus earcaithe Eorpach agus is maith liom gur tógadh céim chomh huailmhianach sin faoi Uachtaránacht na hIodáile. Is gné thábhachtach í soghluaisteacht an lucht saothair laistigh den Aontas d'fhonn dul i ngleic le dífhostaíocht, go háirithe an dífhostaíocht i measc an ógra."

Mná ar bhoird chuideachtaí

Phléigh an Chomhairle an treoir maidir le mná ar bhoird chuideachtaí. Ní raibh sí in ann teacht ar chur chuige ginearálta. Dúirt an tAire Poletti, an méid seo a leanas: "Tá sé riachtanach rannpháirtíocht na mban sa chinnteoireacht eacnamaíoch a fheabhsú d'fhonn comhionannas idir mná agus fir a spreagadh inár sochaithe agus rachadh sé chun tairbhe dár ngeilleagair. Táimid ag obair go dian le sé mhí anuas chun caibidlíocht a bhogadh ar aghaidh maidir leis an treoir a bheartaítear chun feabhas a chur ar an gcothromaíocht inscne ar bhoird cuideachtaí agus táimid anois ag druidim le comhaontú. Ag cur leis an dul chun cinn atá déanta againn, tá mé cinnte go mbeidh an Chomhairle in ann gluaiseacht ar aghaidh leis an gcomhad tábhachtach seo."

¹

- I gcás ina mbeidh dearbhuithe, conclúidí nó rún glactha go foirmiúil ag an gComhairle, léirítear é seo sa cheannteideal don ábhar lena mbaineann agus cuirtear an téacs idir chomharthaí athfhriotail.
- Doiciméid a dtugtar tagairtí dóibh sa téacs, tá siad ar fáil ar láithreán Idirlín na Comhairle (<http://www.consilium.europa.eu>).
- Gníomhartha a glacadh le dearbhuithe do mhiontuairiscí na Comhairle agus a fhéadfar a scaoileadh leis an bpobal, taispeántar le réiltín iad; tá na dearbhuithe seo ar fáil ar láithreán Idirlín na Comhairle nó féadfar iad a fháil ón bPreas-Oifig.

CLÁR¹**MÍREANNA A PLÉADH**

FOSTAÍOCHT AGUS BEARTAS SÓISIALTA	6
Fostaíocht don aos óg.....	6
Líonra EURES (Seirbhísí Eorpacha Fostaíochta).....	7
Maraithe	8
Mná ar bhoird chuideachtaí.....	9
Cóir chomhionann.....	10
Saoire mháithreachais	11
Am oibre in iompar ar uiscebhealaí intíre.....	11
Suirbhé bliantúil fáis 2015, tuarascáil chomhpháirteach ar fhostaíocht agus tuarascáil maidir leis an sásra foláirimh	12
Athbhreithniú 20 bliain ar Ardán Bhéising le haghaidh gníomhaíochta	13
Aon ghnó eile.....	13

MÍREANNA EILE A FORMHEASADH*BEARTAS SÓISIALTA*

– Staidreamh comhpobail ar ioncam agus ar dhálaí maireachtála.....	14
– Clár don suirbhé samplach ar an bhfórsa saothair	14

AN MARGADH INMHEÁNACH

– Feithiclí talmhaíochta agus foraoiseachta - ceanglais chineálcheadaithe	14
---	----

RANNPHÁIRTITHE

An Bheilg:

Kris PEETERS

An Leas-Phríomh-Aire agus An tAire Fostaíochta,
An tAire Geilleagair agus Cosanta Tomhaltóirí, a bhfuil
freagracht air maidir le Trádáil Eachtrach

An Bhulgáir:

Ivailo KALFIN

An Leas-Phríomh-Aire do Bheartais Déimeagrafacha
agus Shóisialta, An tAire Saothair agus Beartais Shóisialta

Poblacht na Seice:

Michaela MARKSOVÁ

An tAire Saothair agus Gnóthaí Sóisialta

An Danmhairg:

Henrik Dam KRISTENSEN

Manu SAREEN

An tAire Fostaíochta
An tAire Gnóthaí Leanaí, Comhionannas Inscne,
Comhtháthaithe agus Gnóthaí Sóisialta

An Ghearmáin:

Jörg ASMUSSEN

Guido PERUZZO

Státrúnaí, An Aireacht Chónaidhme Saothair agus Gnóthaí
Sóisialta
Leas-Bhuanionadaí

An Eastóin:

Helmen KÜTT

An tAire Gnóthaí Sóisialta

Éire:

Ged NASH

Aodhán Ó RÍORDÁIN

An tAire Stáit ag an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta
An tAire Stáit ag an Roinn Dlí agus Cirt agus
Comhionannais agus an Roinn Ealaíon, Oidhreacht
agus Gaeltachta

An Ghréig:

Ioannis VROUTSIS

An tAire Fostaíochta, Cosanta Sóisialta agus Leasa
Shóisialta

An Spáinn:

Fátima BAÑEZ GARCIA

Pedro LLORENTE CACHORRO

An tAire Fostaíochta agus Leasa Shóisialta
Leas-Státrúnaí, An Aireacht Fostaíochta
agus Leasa Shóisialta

An Fhrainc:

François REBSAMEN

An tAire Saothair, Fostaíochta, Gairmoiliúna
agus Caidrimh Thionsclaíoch

An Chróit:

Milanka OPAČIĆ

Mirando MRSIĆ

An Leas-Phríomh-Aire agus an tAire do Bheartas Sóisialta
agus don Óige
An tAire Saothair agus Chóras na bPinsean

An Iodáil:

Giuliano POLETTI

Stefania GIANNINI

An tAire Saothair agus Beartais Shóisialta
An tAire Oideachais, Ollscoileanna agus Taighde

An Chipir:

Zeta EMILIANIDOU

An tAire Saothair, Leasa agus Árachais Shóisialta

An Laitvia:

Uldis AUGULIS

An tAire Leasa

An Liotuáin:

Albinas ZANANAVIČIUS

An Leas-Bhuanionadaí chuig AE

Lucsamburg:

Nicolas SCHMIT

Romain SCHNEIDER

Claude MEISCH

An tAire Saothair, Fostaíochta agus don Gheilleagar
Sóisialta agus Dlúthpháirtíochta
An tAire Slándála Sóisialta, An tAire Comhair
um Fhorbairt agus Gnóthaí Daonnúla, An tAire Spóirt
An tAire Oideachais Náisiúnta, Leanaí agus Daoine Óga,
An tAire Ardoideachais agus Taighde

An Ungáir:

Katalin NOVÁK

László ANDOR

Málta:

Neil KERR

An Ísiltír:

Lodewijk ASSCHER

An Ostair:

Rudolf HUNDSTORFER

Gregor SCHUSTERSCHITZ

An Pholainn:

Władysław KOSINIAK-KAMYSZ

An Phortaingéil:

Pedro MOTA SOARES

An Rómáin:

Cristian BĂDESCU

An tSlóivéin:

Anja KOPAČ MRAK

An tSlóvaic:

Branislav ONDRUS

An Fhionlainn:

Lauri IHALAINEN

Laura RÄTY

An tSualainn:

Ylva JOHANSSON

Pernilla BARALT

An Ríocht Aontaithe:

Esther McVEY

An tAire Stáit do Ghnóthaí Teaghlaigh agus Óige,
An Aireacht Acmhainní Daonna
Leas-Státrúnaí do Mhargadh an tSaothair

Leas-Bhuanionadaí

An Leas-Phríomh-Aire, An tAire Gnóthaí Sóisialta
agus Fostaíochta

An tAire Cónaidhme Saothair, Gnóthaí Sóisialta
agus Cosanta Tomhaltóirí
Leas-Bhuanionadaí

An tAire Saothair agus Beartais Shóisialta

An tAire Dlúthpháirtíochta, Fostaíochta agus Leasa
Shóisialta

Leas-Bhuanionadaí

An tAire Saothair, Teaghlaigh, Gnóthaí Sóisialta
agus Comhdheiseanna

Státrúnaí san Aireacht Saothair, Gnóthaí Sóisialta
agus Teaghlaigh

An tAire Saothair
An tAire Gnóthaí Sóisialta agus Sláinte

An tAire Fostaíochta
Státrúnaí don Aire Leanaí, Daoine Scothaosta
agus Comhionannais Inscene

An tAire Stáit Fostaíochta ag an Roinn Saothair
agus Pinsean

An Coimisiún:

Valdis DOMBROVSKIS

Marianne THYSEN

Věra JOUROVÁ

Tibor NAVRACSICS

An Leas-Uachtarán

Comhalta

Comhalta

Comhalta

MÍREANNA A PLÉADH

FOSTAÍOCHT AGUS BEARTAS SÓISIALTA

Fostaíocht don aos óg

Bhí plé ag an gComhairle maidir le fostaíocht don aos óg in éineacht le hAirií oideachais na dtrí Uachtaránacht (IT-LV-LU); d'iarr sí ar na Ballstáit dlús a chur lena n-iarrachtaí leanúnacha chun dul i ngleic le fadhb na dífhostaíochta i measc an ógra agus d'iarr sí orthu obair leantach a dhéanamh maidir leis an gceist sin mar ábhar práinne ([15949/14](#)).

Chuir na hAirií in iúl go raibh siad sásta go raibh idirphlé acu lena gcomhghleacaithe san oideachas os rud é gur ceist thrasearnálach í an dífhostaíocht i measc an ógra a bhfuil nasc aici leis an oideachas, le scileanna, leis an oiliúint agus le hinniúlachtaí.

Léirigh siad gur rithábachtach infheistiú a dhéanamh san infhostaitheacht; dúshlán mór d'inchreidteacht an Aontais Eorpaigh sna blianta amach romhainn is ea na hardleibhéil dífhostaíochta a shárú.

Tá cur chuige uailmhianach nua de dhíth ar AE chun freagairt do dhúshlání dhomhanda, trí na hinniúlachtaí agus na scileanna a chomhoiriúnú níos fearr le héilimh agus le riachtanais mhargadh an tsaothair.

Ba cheart do na Ballstáit aistriú éifeachtach a áirithiú ón oideachas go dtí an obair; caithfear daoine óga a chur ar an eolas faoi riachtanais mhargadh an tsaothair. Caithfear printíseachtaí agus tréimhsí oiliúna íoctha a thairiscint do dhaoine óga agus deiseanna a thabhairt dóibh scileanna teanga a ghnóthú os rud é go bhfuil cúlra éagsúil acu.

Tá forbairt eacnamaíoch an Aontais ag brath, i measc nithe eile, ar oiliúint agus scileanna na n-óg. Ba cheart don Aontas spiorad fiontraíochta a spreagadh i measc na n-óg, á ngríosadh chun dul sa seans níos minice.

Tá fostaíocht don aos óg fós mar ábhar tosaíochta ar an gclár oibre polaitiúil. Is gá infheistíocht a neartú, go náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon, chun tacú leis an téarnamh eacnamaíoch agus fostaíochta agus chun gur fusa a bheidh sé na daoine óga atá dífhostaithe a lánpháirtiú i margadh an tsaothair.

Tá sé ríthábhachtach infheistiú a dhéanamh san oideachas agus i scileanna don fostaíocht ionas go méadóidh an tAontas an t-iomaíochas domhanda aige, agus a mhúnla i leith forbairt eacnamaíoch agus cuimsiú sóisialta á chosaint aige. Tá sé fíorthábhachtach freisin caidreamh níos láidre a bhunú idir na hinstiúidí atá i gceannas ar oideachas agus ar oiliúint (go háirithe scoileanna agus ollscoileanna) agus cuideachtaí. Ní amháin go bhfeabhsófar leis sin oiliúint do dhaoine óga agus go n-éascófar an t-aistriú ón scoil go dtí an obair, áiríteofar freisin leis go mbeidh na scileanna cearta acu, rud a chuirfidh lena n-infhostaitheacht, lena n-inaistritheacht agus lena solúbthacht. Tá freagracht ar leith ar na comhpháirtithe sóisialta sa chomhthéacs sin.

Seoladh roinnt tionscnamh sa réimse sin cheana féin agus tá siad ag dul ar aghaidh i gcónaí ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, amhail an moladh maidir le ráthaíocht don aos óg a bhunú, an comhaontas Eorpach do phrintiseachtaí agus an creat ardchaighdeán do chúrsaí oiliúna.

Líonra EURES (Seirbhísí Eorpacha Fostaíochta)

Tháinig an Chomhairle ar chur chuige ginearálta maidir le Rialachán lena mbunaítear rialacha nua chun éifeachtúlacht EURES a fheabhsú, chomh maith leis an gcomhar i measc na mBallstát ([16333/14](#) + [16333/14 COR1](#)).

Tugann líonra feabhsaithe EURES cúnamh feabhsaithe d'oibrithe d'fhonn bacainní ar shoghluaisteacht a sháru, méadaíonn sé rochtain ar dheiseanna fostaíochta ar fud an Aontais agus cuidíonn sé le poist a chruthú trí chabhrú le soláthar agus éileamh a mheaitseáil níos fearr i margadh an tsaothair.

Is í an aidhm acmhainn an líonra EURES atá ann cheana a neartú ionas go mbeidh sé níos inrochtana agus níos soláimhsithe do shaoránaigh an Aontais.

I dtéacs deiridh na Comhairle, cloíodh leis an togra ón gCoimisiún tríd an líonra a oscailt do chomhpháirtithe príobháideacha, ach cuirtear iallach leis ar ghníomhaireachtaí fostaíochta a dhéanann brabús na seirbhísí lárnacha uile sin a áirítear leis an rialachán a chur ar fáil. Leis sin, déantar méadú suntasach ar linn na bhfolúntas.

Caithfidh na Ballstáit nós imeachta iontrála a bhunú, agus méid áirithe solúbthachta á choinneáil acu chun sin a oiriúnú dá gcórais náisiúnta; tugtar stádas pribhléideach do sheirbhísí fostaíochta poiblí ar aon dul leis an ról speisialta atá acu agus leis na hoibleagáidí náisiúnta atá orthu.

Oibrithe agus fostóirí a bhfuil tuar maith ann go bhfaighidh siad post nó folúntas, tabharfar cúnamh saincheaptha dóibh mar aon le faisnéis ghinearálta.

Feabhsaítear na seansanna go gcomhlíonfar ionchais na n-oibrithe agus na bhfostóirí le córas uathoibrithe a dhéanann folúntais a mheaitseáil le hiarratais ar phoist, bunaithe ar idir-inoibritheacht na n-aicmithe náisiúnta leis an aicmiú Eorpach scileanna/inniúlachtaí, cáilíochtaí agus gairmeacha beatha (ESCO). Áirítear leis an gcomhréiteach deiridh gníomh nua cur chun feidhme maidir le liosta roghnaitheach de scileanna/inniúlachtaí agus gairmeacha chun úsáid a bhaint as an líonra EURES a ghlacadh agus a nuashonrú, a thugann deis do na Ballstáit a dtuairimí a chur in iúl go foirmiúil i ndáil le glacadh an liosta.

Cuirtear printísigh agus tréimhsí oiliúna san áireamh i raon feidhme an rialacháin, ach tá sé teoranta dóibh sin atá lasmuigh de na curaclaim agus d'oiliúnt oideachais nó gairme nó iad siúd nach maoinítear go poiblí, mar chuid de bheartais ghníomhacha na mBallstát i leith mhargadh an tsaothair.

Foráiltear freisin leis an téacs deiridh do mhaolú bliana ar an nós imeachta iontrála do chomhpháirtithe EURES atá ann cheana, chun aistriú rianúil a áirithiú ón seanchreat dlíthiúil chuig an gcreat reachtach nua.

Níor thug Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh uaithi go fóill.

Maraithe

Tháinig an Chomhairle ar chur chuige ginearálta i ndáil le treoir leasaitheach maidir le maraithe ([16148/1/14 REVI](#)).

Foráiltear leis an treoir do chosaint níos aonfhoirmí ar chearta saothair na maraithe, lena n-áirítear an ceart chun faisnéise agus comhairliúcháin, agus tugtar do mharaithe na cearta céanna atá ag oibrithe ar thír. Cuirtear san áireamh leis freisin cineál sonracha earnáil na loingseoireachta.

Tá sé mar aidhm leis an togra an staid dhlíthiúil reatha a réiteach, cás a fhágann nach gcaitear ar an dóigh chéanna leis an gcatagóir céanna oibrithe sna Ballstáit éagsúla, ag brath ar an gcuirtear na díolúintí agus na maoluithe a cheadaítear faoin reachtaíocht atá ann faoi láthair i bhfeidhm nó nach gcuirtear.

Chomh maith le cothrom na Féinne a áirithiú san earnáil mhuirí, tá sé mar aidhm aige freisin cur le cáilíocht na bpost muirí d'fhonn an meath i líon na n-ógánach Eorpach a théann i mbun gairmeacha mara a chur droim ar ais agus oibrithe oilte a choimeád sa ghairm.

Leis an treoir, tugtar níos mó solúbthachta ar an mbealach a gcuirtear cúig threoir maidir le dlí an tsaothair i bhfeidhm ar mharaithe, eadhon na treoracha maidir le dócmhainneacht, comhairlí oibreacha Eorpacha, faisnéis agus comhairliúchán, iomarcaíochtaí comhchoiteanna agus aistriú gnóthas. Tá na Treoracha seo dírithe ar oibrithe ar thír agus faoi láthair déantar oibrithe a bhíonn ar an bhfarraige agus/nó iascairí a dhíolmhú nó ligtear do na Ballstáit iad a eisiamh ó raon feidhme na reachtaíochta gan bonn cirt sainráite.

Cuid riachtanach de gheilleagar na hEorpa atá sa mhuiriompar. Bíonn aon cheathrú de loingeas an domhain faoi bhratach Eorpach agus oibríonn dhá mhilliún Eorpach i dtionscail mhuirí.

Inniu níos mó ná riamh, tá gá ag geilleagar muirí na hEorpa le céim leordhóthanach solúbthachta rialála chun feidhmiú i dtimpeallacht dhomhanda atá fíor-iomaíoch. Earnáil í seo freisin ina mbíonn ról ar leith ag an idirphlé sóisialta i bhfianaise na gcaidrimh conarthacha éagsúlaithe atá i réim.

Níor thug Parlaimint na hEorpa a tuairim ar an gcéad léamh uaithi go fóill.

Mná ar bhoird chuideachtaí

Ní raibh an Chomhairle in ann teacht ar chur chuige ginearálta maidir le treoir lena gcuirtear feabhas ar an gcothromaíocht inscne ar bhoird chuideachtaí ([16300/14](#)).

Agus é is aidhm di aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb thromchúiseach mhná a bheith faoi ghannionadaíocht sa chinnteoireacht eacnamaíoch ar an leibhéal is airde, shocrófaí cuspóir cainníochtúil 40% sa togra atá beartaithe, i gcomhair chomhréir na hinscne faoi ghannionadaíocht ar bhoird chuideachtaí atá liostaithe, faoi 2020 (faoi 2018 i gcás gnóthas poiblí). Bheadh sé d'obleagáid ar chuideachtaí an cuspóir sin a shaothrú trí, inter alia, rialacha nós imeachta a thabhairt isteach maidir le comhaltaí neamhfheidhmiúcháin ar bhoird a roghnú agus a cheapadh.

Cuideachtaí a mhainneodh an sprioc 40% a bhaint amach, chuirfí de cheangal orthu leanúint de na rialacha nós imeachta a chur i bhfeidhm, agus a mhíniú chomh maith cad iad na bearta a rinne siad agus a raibh beartaithe acu a dhéanamh chun é a bhaint amach. Sna Ballstáit sin a roghnóidh an cuspóir a chur i bhfeidhm maidir le stiúrthóirí feidhmiúcháin agus neamhfheidhmiúcháin araon, bheadh feidhm ag sprioc níos lú (33 %).

Agus comhréiteach a lorg aici maidir leis an togra seo, chuir an Uachtaránacht clásal solúbthachta athbhreithnithe síos (Airteagal 4b) agus chuir sí síneadh leis na sprioc-amanna don chur chun feidhme agus don tuairisciú (Airteagail 5, 8 agus 9).

Clásal na solúbthachta (Airteagal 4b)

Is i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a ceapadh clásal na solúbthachta a leagtar amach in Airteagal 4b, agus ligfí do na Ballstáit leis aidhmeanna na treorach a shaothrú ar an tslí ar rogha leo agus na ceanglais nós imeachta a chur ar fionraí, ar choinníoll go ndearna siad bearta cheana a bhí chomh éifeachtach céanna nó go ndearna siad dul chun cinn atá ag breith ar na cuspóirí atá leagtha síos sa Treoir.

Chun go mbeadh an tsolúbthacht agus an deimhneacht uasta dhlíthiúil ann i dteannta a chéile, sainítear in Airteagal 4b na cásanna sin a measfaí, de réir an dlí, go ráthófaí "éifeachtacht chomhionann" leo. Ní chuirtear bac ann ach oiread go bhféadfadh na Ballstáit a bheith i dteideal leas a bhaint as clásal na solúbthachta i gcásanna dlisteanacha eile inar léiríodh éifeachtacht chomhionann nó dul chun cinn leordhóthanach.

An féilire athbhreithnithe don chur chun feidhme agus don tuairisciú (Airteagail 5, 8 agus 9)

Chuirfí de cheangal ar na Ballstáit, leis an bhféilire athbhreithnithe don chur chun feidhme, an Treoir a thrasúí tráth nach déanaí ná trí bliana tar éis a ghlactha (Airteagal 8). Sa téacs reatha, cuireadh síneadh leis na spriocdhátaí don tuairisciú freisin i gcomhréir leis an dáta cur chun feidhme nua sin (Airteagal 5 agus 9). San fhéilire athbhreithnithe, thabharfaí níos mó ama do na Ballstáit agus do na cuideachtaí a gcuid beart féin a ullmhú agus dul chun cinn a dhéanamh, lena n-áirítear aon ullmhúcháin do chur i bhfeidhm an chláisail solúbthachta.

Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh cheana.

Cóir chomhionann

Bhí díospóireacht bheartais ag na hAíre i ndáil leis an Treoir maidir le cóir chomhionann. Agus achoimre á déanamh aici ar an bplé, thug an Uachtaránacht dá haire go raibh tacaíocht shuntasach ann do leanúint den obair ar an gcomhad sin chun teacht ar chomhaontú d'aon toil. Tá an treoir ceaptha chun réimsí lasmuigh den fhostaíocht a chuimsiú sa chosaint i gcoinne idirdhealú ar fhorais reiligiúin nó chreidimh, mhíchumais, aoise nó gnéaschlaonta ([15705/14 ADD 1 REV 2](#)).

Agus reachtaíocht CE atá ann cheana sa réimse sin a comhlánú¹, dhéanfaí, leis an treoir atá beartaithe, idirdhealú ar na forais anuasana a thoirmeasc sna réimsí seo a leanas: an chosaint shóisialta, lena n-áirítear an tslándáil shóisialta agus an cúram sláinte; an t-oideachas; agus rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí, lena n-áirítear tithíocht.

Tá an Treoir ar chláir oibre na Comhairle ó 2008 i leith. Rinneadh plé fairsing agus athdhréachtú i Meitheal na Comhairle ach, fós féin, ní raibh aon urfhuascailt ann. Tá an Treoir mar thosaíocht ag an Choimisiún nua.

¹ Go háirithe, Treoracha 2000/43/CE, 2000/78/CE agus 2004/113/CE ón gComhairle.

Saoire mháithreachais

Chuir an Uachtaránacht an Chomhairle ar an eolas faoina bhfuil ag tarlú le déanaí i ndáil leis an Treoir maidir le saoire mháithreachais. Chuaigh an Uachtaránacht agus Parlaimint na hEorpa i dteagmháil lena chéile go neamhfhoirmiúil maidir leis an togra sin.

Rinneadh an tuarascáil is déanaí ón gComhairle a thíolacadh do Chomhairle EPSCO i mí na Nollag 2011.

Rinne an Uachtaránacht iarracht féachaint an bhféadfaí plé a athoscailt leis an bParlaimint nuathofa. Idir an dá linn, tá an Coimisiún ag smaoineamh ar an togra a tharraingt siar.

Leis an togra ón gCoimisiún, dhéanfaí fad íosta na saoire máithreachais a fhadú ó 14 seachtaine go 18 seachtaine, agus liúntas íosta ag gabháil leis a bheadh ar chomhchéim le pá breoiteachta (mar atá sa Treoir atá ann faoi láthair). San áireamh anseo bheadh cead éigeantach ar a laghad sé seachtaine tar éis an luí seoil (i gcomparáid le dhá sheachtain de shaoire roimh nó tar éis breithe éigeantach sa treoir atá ann faoi láthair).

Sa tuairim a thug sí uaithi, bhí níos mó á éileamh ag Parlaimint na hEorpa, í ag iarraidh go mbeadh 20 seachtain i gceist don tsaoire mháithreachais, lena n-áirítear 6 seachtaine de shaoire éigeantach tar éis breith clainne.

Léiríodh sa phlé a rinneadh nach féidir leis an gComhairle glacadh le 20 seachtain le pá iomlán agus gur bonn míréasúnta é sin i leith tuilleadh plé a dhéanamh, go háirithe i gcomhthéacs na géarchéime eacnamaíche agus an bhrú chun comhdhlúthú fíoscach a áirithiú.

Am oibre in iompar ar uiscebhealaí intíre

Tháinig an Chomhairle ar chomhaontú polaitiúil maidir le Treoir a bhaineann le gnéithe áirithe i ndáil le heagrú ama oibre san iompar ar uiscebhealaí intíre ([16031/14](#) + [16031/14 ADD 1](#) + [16031/14 ADD 2](#)).

Is éard is aidhm don Treoir atá beartaithe go dtabharfar éifeacht dhlíthiúil don Chomhaontú Eorpach a rinne an t-aontas Eorpach báirse, an eagraíocht Eorpach scipéirí agus cónaidhm oibríthe iompair na hEorpa a thabhairt i gcrích.

Leis an gcomhaontú sin ar leibhéal AE, ar tháinig comhpháirtithe sóisialta na hearnála air, tugtar isteach rialacha íosta sonracha lena rialaítear am oibre d'oibríthe ar bháid iompair phaisinéirí nó lasta ar uiscebhealaí intíre ar fud AE. D'fhéadfadh ardleibhéal aga neamhfhónaimh neamhphleanáilte a bheith ag baint le ham oibre sa réimse sin, amhail ag feitheamh ag loic, nó ag luchtú agus ag díluchtú, agus d'fhéadfadh sé go dtarlódh sin san oíche. Go sonrach, foráiltear don mhéid seo a leanas leis an gcomhaontú:

- tréimhse oibre sheachtainiúil (suas le 48 uair an chloig, meánaithe thar thréimhse suas go 12 mhí);
- obair oíche (suas le 42 uair an chloig in aghaidh na seachtaine);
- laethanta saoire (ar a laghad ceithre seachtaine saoire bliantúla le pá);
- tréimhsí scíthe laethúla agus seachtainiúla (ar a laghad 10 uair an chloig gach lá).

Tá clásal sa Treoir atá beartaithe lena gceadófar do na Ballstáit forálacha a choimeád atá níos fabhraí ná na cinn atá sa chomhaontú.

Suirbhé bliantúil fáis 2015, tuarascáil chomhpháirteach ar fhostaíocht agus tuarascáil maidir leis an sásra foláirimh

Rinne an Coimisiún an suirbhé bliantúil fáis do 2015, an tuarascáil chomhpháirteach fostaíochta agus tuarascáil an tsásra foláirimh a chur faoi bhráid na Comhairle ([15985/14](#), [15953/14](#) [15988/14](#)).

I measc nithe eile, dhearbhaigh an Uachtaránacht go bhfuil an staid eacnamaíoch agus shóisialta in AE dúshlánach go fóill. Rinneadh athstruchtúrú ar gheilleagair AE agus ar na margai saothair tar éis na géarchéime agus bhí athruithe pianmhara i gceist dá bharr agus tá iarmhairtí tromchúiseacha ann do phoist agus d'uige shóisialta na sochaithe in AE.

An téarnamh a bhfuiltear ag súil leis, níl sé ag teacht chun cinn. Tá roinnt comharthaí dearfacha ann le cúpla mí anuas, ach ní leor iad chun torthaí infheicthe a chur ar fáil maidir le hionchais eacnamaíochta, fostaíochta agus shóisialta. Ní pictiúr iontach atá sa suirbhé bliantúil fáis nua: níl AE tagtha slán go fóill.

An 28 Samhain, thíolaic an Coimisiún a phacáiste eacnamaíoch do 2015, ina bhfuil an Suirbhé Bliantúil Fáis (SBF), an tuarascáil chomhpháirteach fostaíochta (TCF) agus tuarascáil an tsásra foláirimh (TSF).

I SBF do 2015, moltar dhá phríomhchólún do bheartas eacnamaíoch agus sóisialta AE do 2015: treisiú comhordaithe don infheistíocht, tiomantas athnuaithe d'athchóirithe struchtúrtha, agus an fhreagracht fhioscach a shaothrú. Iarrann sí go ndéanfaí cur chuige comhtháite trí ghníomhaíocht chomhuaineach i ngach ceann de na trí réimsí.

Tá roinnt tograí sa suirbhé bliantúil fáis sin freisin le haghaidh Sheimeastar Eorpach na bliana 2015 a shruthlíniú agus a athneartú. Thug an Coimisiún gealltanais go gcuirfidh sé feabhas ar a rannpháirtíocht le Parlaimint na hEorpa agus leis na comhpháirtithe sóisialta sula ndéanfar an suirbhé bliantúil fáis a chur i láthair, agus gnéithe áirithe leathana a phlé leo. Is éard is aidhm do na socrúithe nua rialachais próiseas níos polaitiúla, níos iltaobhaí a áirithiú, lena n-áirítear cros-scrúdú leanúnach ar bheartais agus ar fheidhmíocht i dtionól na Comhairle.

Cuirtear i bhfios go láidir i ndrúacht TCF gur ábhar inní i gcónaí í an staid fostaíochta agus shóisialta.

Léiríonn TCF nach leor an fás eacnamaíoch chun go dtiocfadh feabhas suntasach ar na figiúirí saothair agus sóisialta; léirítear inti go bhféadfadh éifeacht mheathlaithe a bheith ag imeachtaí diúltacha fostaíochta agus sóisialta ar fhás ionchasach OTI agus go bhféadfaí míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a dhéanamh níos measa leo.

Athbhreithniú 20 bliain ar Ardán Bhéising le haghaidh gníomhaíochta

Ghlac an Chomhairle conclúidí maidir le hathbhreithniú 20 bliain ar chur chun feidhme, ag na Ballstáit agus ag institiúidí AE, ardán Bhéising le haghaidh Gníomhaíochta ([16304/14](#)).

Tá na conclúidí bunaithe ar thuarascáil a d'ullmhaigh an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE).

Tá cuid mhaith den obair a dhéanann an Chomhairle i réimse an chomhionannais inscne bunaithe ar Ardán Bhéising le haghaidh Gníomhaíochta, ar ardán idirnáisiúnta do chumhachtú na mban é a bunaíodh faoi chuimsiú na Náisiún Aontaithe i rith an cheathrú comhdháil dhomhanda maidir le mná i 1995. Chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an dáréag réimse criticiúil gníomhaíochta d'ardán Bhéising, d'oibrigh Uachtaránachtaí comharbasacha de chuid AE i gcomhar lena chéile chun sonraí a bhailiú agus a anailísiú agus chun táscairí a fhorbairt maidir le réimsí sonracha criticiúla.

Aon ghnó eile

– An toradh a bhí ar Chomhdháil "Straitéis an Róimhe"

Chuir an Uachtaránacht na hAirí ar an eolas faoi "Straitéis na Róimhe", ar an toradh a bhí ar an gcomhdháil maidir leis an ngeilleagar sóisialta san Eoraip.

– Cur i láthair chlár uachtaránacht nua na Laitvia

Thíolaic uachtaránacht nua na Laitvia a clár oibre don Chomhairle.

MÍREANNA EILE A FORMHEASADH**BEARTAS SÓISIALTA****Staidreamh comhphobail ar ioncam agus ar dhálaí maireachtála**

Chinn an Chomhairle gan cur i gcoinne ghlacadh Rialachán (AE) Uimh. .../. ón gCoimisiún an XXX lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1177/2003 maidir le staidreamh Comhphobail ar ioncam agus ar dhálaí maireachtála (EU-SILC) i dtaca le liosta sprioc-athróga tánaisteacha 2016 maidir le rochtain ar sheirbhísí ([14431/14](#) + [14431/14 ADD 1](#)).

Clár don suirbhé samplach ar an bhfórsa saothair

Chuir an Chomhairle in iúl nach bhfuil sé ar intinn aici cur i gcoinne ghlacadh Rialachán tarmligthe (AE) Uimh.../. ón gCoimisiún an 22.10.2014 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 318/2013 lena nglactar an clár de mhodúil ad hoc, lena gcumhdaítear na blianta 2016 go dtí 2018, don suirbhé samplach ar an bhfórsa saothair dá bhforáiltear le Rialachán (CE) Uimh. 577/98 ón gComhairle ([14729/14](#) + [14729/14 ADD 1](#)).

AN MARGADH INMHEÁNACH**Feithiclí talmhaíochta agus foraoiseachta - ceanglais chineálcheadaithe**

Chinn an Chomhairle gan cur i gcoinne teacht i bhfeidhm rialachán ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 167/2013 maidir leis na ceanglais i ndáil le feidhmíocht ó thaobh an chomhshaoil agus ó thaobh an aonaid tiomána ([14538/14](#)) agus maidir leis na ceanglais choscánaithe ([14419/14](#)) i ndáil le formheas feithiclí talmhaíochta agus foraoiseachta.

Is gníomhartha tarmligthe iad na Rialacháin sin ón gCoimisiún agus féadfaidh siad teacht i bhfeidhm anois mura gcuireann Parlaimint na hEorpa ina gcoinne.